



Droichead - Oiliúint Foireann Tacaíochta Gairmiúla Blurba - Iar-Bhunscoil

Deir *Droichead: An Chreatlach Ionduchtaithe Ghairmiúil Chomhtháite* “is é príomhchuspóir phróiseas Droichead ná tacú le foghlaim ghairmiúil Múinteoirí Nua-Cháilithe (MNCanna) le linn na céime ionduchtúcháin, ag leagan síos, mar sin, dúshraith le haghaidh foráis ghairmiúil ina dhiaidh sin agus le haghaidh foghlama sa chéad chéim eile dá ngairm.” (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, lch. 3).

Cuireann an Rannóg Ionduchtúcháin Droichead oiliúint trí lá ar fáil do bhaill na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG) chun cur ar chumas scoil tacú le MNCanna trína bpróiseas Droichead. Is éard atá i FTG ná múinteoirí a bhfuil taithí acu agus atá lánchláraithe, go hidéalach le taithí cúig bliana (d'fhéadfadh an príomhoide a bheith san áireamh). Clúdaítear gach gné den phróiseas Droichead i rith oiliúint FTG.

Is próiseas comhoibritheach i gcónaí é tacú le MNC trí Droichead de réir mar a dhéanann FTG an méid seo a leanas:

- treoir agus comhairle a chur ar an MNC le linn ionduchtúcháin scoilbhunaithe, sna chéad chéimeanna dá aistear gairmiúil
- comhdhearbhú a dhéanamh leis an MNC gur ghlac sé páirt i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama

Tacaíonn oiliúint FTG le baill FTG ina ról trí chur ar chumas rannpháirtithe:

- an t-eolas agus na scileanna tosaigh a theastaíonn chun a bheith ina meantóirí éifeachtacha a fháil
- caidrimh ghairmiúla a chothú
- meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do MNCanna, agus le comhfhúinteoirí a bhfuil taithí acu, agus a thabhairt orthu tabhairt faoi idirphlé gairmiúil machnamhach
- breathnuithe sa seomra ranga a éascú chun feabhas a chur ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú
- tacú le MNCanna maidir le cleachtais éifeachtacha bhainistíochta sa seomra ranga a phleanáil, a ullmhú agus a bhainistiú
- machnamh a dhéanamh ar a ngairmiúlacht féin agus ar a bhfís ghairmiúil féin
- a dtiomantas d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach a dhaingniú
- éirí ina gceannairí foghlama agus teagaisc ag leibhéal na scoile.

Tugann an ghrafaic thíos forbheathnú ar oiliúint PST Iar-bhunscoile:

Oiliúint FTG Iar-bhunscoil - Osradharc



Mar Achoimre: Tá ról lárnach ag baill PST i rath Droichead mar is mór ag MNCanna tacaíocht, comhairle agus treoir ó mhúinteoirí i mbun cleachtaidh. Déanann baill PST trácht rialta ar an tionchar dearfach a bhíonn ag meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do MNCanna ar a bhforás agus a bhforbairt ghairmiúil féin agus ar a bpobail scoile.

Más maith leat teagmháil a dhéanamh le ball den Fhoireann chun clárú d'Oiliúint FTG den scanadh ar an QR cód thíos

